# Scéal, Scéal, Scéal…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

4 Iúil 2024 Eagrán 203




Seaimpíní na hÉireann!
Foireann faoi 15 CLG Micheál Breathnach

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## Seaimpíní Éireann i Roinn 1 d'Féile Peil na nÓg 2024

Is iad Micheál Breathnach seaimpíní na hÉireann i Roinn 1 d'Fhéile Peil na nÓg 2024; an chéad uair dóibh an gradam seo a bhuachan. B'iad a bhí glórach, meanmnach nuair a thug siad an gradam leo as lár ionad Chumann Lúth Chleas Gael Chonnachta i mBéacán, i Maigh Eo. D'imir fir óga Chois Fharraige sárpheil sa gceithre chluiche a bhuaigh siad sular bhain siad an cluiche ceannais amach.

Cathair na Mairt, Maigh Eo, d'imir siad sa gcluiche leath cheannais agus bhí bua slachtmhar acu orthu le cúl agus seacht gcúilín in aghaidh trí chúilín. Roimhe sin bhí dhá phointe le spáráil acu ar Chlaonadh Chill Dara – 0.5 in aghaidh 0.3. Ina dhiaidh sin, bhí An Bhréadach as Contae an Dúin chun cinn orthu ag leath am ach bhí 2.05 ag CLG Micheál Breathnach agus 1.03 ag An Bhréadach ar deireadh. Bhí leaids óga Chois Fharraige i bhfad róláidir do Chumann Fiodh Ros Chiarraí ar mhaidin an tSathairn: 3.07 a bhí ag an Breathnaigh agus 1.01 a bhí ag buachaillí Chiarraí.

Bhí siad anois sa gcraobh chluiche in aghaidh fhoireann Nua Eabhrac! Is fada a bheas caint ar an gcraobh chluiche céanna. Bhí na Breathnaigh chun cinn agus gan fágtha ach nóiméad sa gcluiche nuair a d'aimsigh Nua Eabhrac cúl. B'éigean am breise a chur leis an gcluiche agus chuir chaon fhoireann dhá phointe ar chlár na scór ach níorbh fhéidir na foirne a scaradh óna chéile. Chríochnaigh siad le seacht gcúilín ag Micheál Breathnach agus cúl agus cheithre chúilín ag Nua Eabhrac. De réir rialacha an chomórtais caithfear an chreach a roinnt agus tugtar aitheantas mar bhuaiteoirí don dá fhoireann.

Tá éacht mór millteach curtha i gcrích ag foireann faoi cúig bhliana déag Mhicheál Breathnach agus craobh uile Éireann i Roinn a 1 tugtha leo ar ais go dtí an paróiste acu don chéad uair riamh. Chuir na sluaite fáilte mhór abhaile roimh an bhfoireann agus bhí tinte lasta ó Both Chuanna go Ros an Mhíl nuair a thug siad faoi chamchuairt buach ar an gceantar. Nuair a thug siad a n-aghaidh soir ar an bpáirc baile scaoileadh leis na tinte ealaíona le fáilte a chur roimh na laochra óga ar an ócáid stairiúil seo don Chumann.

### Ó chlé go deas ar an leathanach tosaigh…

**Sa líne ar chúl:** Tadhg Mac Carthaigh, Oliver Ó Súilleabháin, Oisín Ó Neachtain, Stiofán Ó Neachtain, Conor Ó Tuathail, Cian De Búrca, Rónán Beaglach, Kian Ó Suilleabháin, Jamie Ó Diollúin C, Eoin Ó Gionnáin, Eric Norman, Dara Ó Frighil, Cormac Ó Braonáin, Áaron Ó Donnacha, Fionnán Ó Neachtain 7 Seán Denvir.

**Sa líne tosaigh:** Cóilín Ó Neachtain, Pól Ó Neachtain, Rónán Ó Neachtain, Seán Ó Feinneadha, Steven Pfeiffer, Morgan Mac Aodha, Oscar Ó Tuairisc, Cillian Ó Ceallaigh, Mártan Ó Cualáin, Fiontán Ó Feinneadha, Jack Ó Conghaile, Learaí Ó Grádaigh, Oisín Mahon 7 Pádraig Mahon.

## Fleadh Scannán na Gaillimhe

Cuirfear tús le Fleadh Scannán na Gaillimhe ar an Mháirt 9 Iúil.

Tá idir ghearrscannáin agus fadscannáin i nGaeilge ar chlár na Féile.

Is cosúil gurb í an Chéadaoin an lá le freastal ar an bhFéile más mian leat an líon is mór scannán as Gaeilge a fheiceáil.

### *KNEECAP*

An scannán Gaeilge seo a osclóidh an Fhéile in Amharclann Halla na Cathrach ar an Mháirt ag 7.00 i.n.

Scannán beathaisnéise é faoi bhunú an ghrúpa rapcheoil Gaeilge KNEECAP, agus tá Mo Chara, Móglaí Bap agus DJ Próvaí, baill an ghrúpa, ag aisteoireacht ann. Spáineadh den chéad uair é ag Féile Scannán Sundance i mí na Nollag seo caite, áit ar bhuaigh sé Gradam an Lucht Féachana.

Ba é sin an chéad uair ariamh ar léiríodh fadscannán Gaeilge ag Sundance.

### *Fidil Ghorm*

Cuirfidh pobal Chois Fharraige spéis sa bhfadscannán *Fidil Ghorm* de chuid Abú Media ar an gCéadaoin ag 6.30 i.n. in Amharclann Halla na Cathrach.

’Sí Patricia Forde, Laureate na nÓg reatha, a scríobh an script agus i measc an n-aisteoirí tá Ruadhán Ó Flatharta, leaid óg as Baile na hAbhann i gCois Fharraige.

Scéal croíúil é *Fidil Ghorm* faoi Mholly, cailín deich mbliana d’aois, a chreideann go mb’fhéidir go ndúiseodh a deaide as cóma, má fhoghlaimíonn sise le fidil a chasadh faoi mar a dhéanadh seisean.

### *Froggie*

Beidh an chéad léiriú domhanda de *Froggie* ar bun in ar an oíche chéanna san áit chéanna ag 9.00 i.n. Scannán grinn dátheangach é, a leanann Fiachra agus Tadhg, beirt dheartháireacha a bhain cáil amach ar an teilifís nuair a bhí siad seacht mbliana d’aois agus iad ag amhránaíocht lena bpuipéad lámhdhéanta ‘Froggie’. Tá riar aisteoirí Gaillmheacha sa gcliar.

### *The Ghost | An Taibhse*

Spáinfear an chéad léiriú domhanda de *The Ghost | An Taibhse* sa bPálás ar an Déardaoin an 11 Iúil. John Farrelly a scríobh agus a stiúraigh an scannán seo faoi scéal ó thréimhse i ndiaidh an Ghorta Mhóir.

### *Iarsmaí | Remnants*

Léireofar dhá scannán faisnéise i nGaeilge. Pléitear leis an stair chasta a bhaineann le bailiúcháin eitneagrafaíochta in Éirinn agus sa mBreatain in *Iarsmaí | Remnants*, sa bPálás ar an 13 Iúil ag 2.00 i.n. Dírítear aird ar leith ar ábhar a goideadh ó Bhundúchasaigh na hAstráile, Tionscadal Oidhreacht na Coilíneachta i gColáiste na Tríonóide agus déantúsáin a creachadh as an Nigéir.

### *Burkitt*

Cíortar saol agus saothar Denis Burkitt, máinlia as Éirinn agus an chéad duine a d'aithin an galar liomfóma, sa scannán *Burkitt*, a bheidh le feiceáil sa bPálás ar an Domhnach, ar an 14 Iúil ag 5.00 i.n.

### Irish Talent, New Shorts 1: Way Out West

Spáinfear sé ghearrscannán i nGaeilge mar chuid den chlár seo ar an 10 Iúil in Amharclann Halla na Cathrach, ag tosú ag meánlae. Ina measc siúd tá:

#### *Scríofa sna Réalta*

I gConamara a déanadh an scannánaíocht do *Scríofa sna Réalta*. Seán Keely a scríobh, Vincent Gallagher a stiúraigh agus Sinéad Ní Loideáin a léirigh. Leantar scéal Sheáin, buachaill 9 mbliana d'aois atá néara-éagsúil, agus é ag iarraidh an phríomhról aisteoireachta a fháil i ndráma pobail. Rinne TG4 coimisiúnú ar an scannán mar chuid den tionscnamh Eurovision do shraitheanna drámaíochta do dhaoine óga.

#### *Beocht | Life*

Cuirfidh muintir an Spidéil spéis ar leith in *Beocht* (*Life*), scannán a scríobh, a léirigh agus a stiúraigh Micheál Ó Donnacha faoi shrádbhaile an Spidéil; baile atá báite sna ealaíona ach tá éirithe duairc le tamall, más fíor don scannán seo!

*Tá chuile eolas faoi chlár na bliana seo agus faoi chúraí áirthintí le fáil ag [Fleadh Scannán na Gaillimhe](#).*

## Róisín Seoighe – *Swiftie* s' againne!

Tharraing coirmeacha ceoil Taylor Swift neart cainte agus bhí ionadaíocht mhaith as Cois Fharraige i láthair de réir na dtuairiscí.

Beidh deis agaibh éisteacht lena cuid ceoil i mBaile Átha Cliath arís roimh dheireadh na bliana seo – i nGaeilge an t-am seo! Tá tionscadal aistriúcháin agus cur láthair i nGaeilge d'ámhráin mhórfhonnadóirí an domhain ar bun ag IMRAM, an Fhéile litríochta Gaeilge, le roinnt blianta anuas. Tá saothar de chuid Leonard Cohen, Bob Dylan, Bruce Springsteen agus David Bowie ar chuid den ábhar ar cuireadh aistriúcháin Gaeilge dá gcuid amhrán i láthair an phobail.



Beidh Róisín Seoighe as Ros an Mhil ag casadh ábhair de chuid Taylor Swift mar chuid na bliana seo den tionscadal. Tá aithne mhór ar Róisín agus moladh dá réir ar a cuid cumadóireachta agus amhránaíochta agus í ag casadh leis an ngrúpa IMLÉ anois le scaitheamh anuas.

In Amharclann an Pavilion i nDún Laoghaire a chuirfear *Tionscadal Taylor Swift, an Sreang Dhofheicthe* i láthair, an 7 7 8 Samhain ar €27 an ticéad; beagán níos saoire ná na ticéid úd do Pháirc an Chrócaigh.

*Is féidir áirithintí a dhéanamh anois – tapaigh do dheis!*

